Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2020**
**(OR. en)**

**5316/20**

**CDR 5**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14987/1/19 REV 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025<br>- Glacadh |

1. Tá téarma oifige Choiste na Réigiún le dul in éag ar an 25 Eanáir 2020. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholtaí ó na Ballstáit faoi seach.

2. I gcomhréir leis an bhforáil sin, chuir Rialtais na mBallstát moltaí ar aghaidh chuig an Ardrúnaíocht maidir leis na hiarrthóirí atá le ceapadh ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún don tréimhse 2020-2025.

An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157[1] lenar ceapadh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a mhol Rialtais Phoblacht na Seice, na Danmhairge, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, Lucsamburg, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice agus na Sualainne, 3 chomhalta a mhol Rialtas na Beilge, 21 chomhalta agus 20 comhalta malartach

[1] Cinneadh (AE) 2019/2157 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327,17.12.2019, lch. 78)

a mhol Rialtas na Gearmáine, 16 chomhalta agus 16 chomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na Spáinne, 8 gcomhalta agus 8 gcomhalta mhalartacha a mhol Rialtais na hÉireann, 10 gcomhalta agus 14 chomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na hIodáile, 4 chomhalta agus 4 chomhalta mhalartacha a mhol Rialtas Mhálta, mar aon le 8 gcomhalta agus 8 gcomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na Fionlainne don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

3. Is é atá beartaithe anois na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a mhol Rialtais na Gréige, na Fraince, na Cróite, na Liotuáine, na hUngáire agus na Portaingéile a cheapadh, mar aon le 4 chomhalta agus 4 chomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na Beilge, 1 chomhalta a mhol Rialtas na Bulgáire, 1 chomhalta agus 1 chomhalta malartach a mhol Rialtas na hÉireann, 1 chomhalta agus 1 chomhalta malartach a mhol Rialtas na Spáinne, 14 chomhalta agus 10 gcomhalta mhalartacha a mhol Rialtas na hIodáile, agus 21 chomhalta agus 20 comhalta malartach a mhol Rialtas na Polainne.

4. Ar an 15 Eanáir 2020, mhol Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an Cinneadh atá in 14986/19, mar a thug na dlítheangeolaithe chun críche é, a ghlacadh mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil.

5. De bhun an dara fomhír d'Airteagal 297(2) CFAE, foilseofar an Cinneadh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

6. Tar éis an cheapacháin sin, déanfar na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha eile sin nár chuir na Ballstáit a n-ainmniúcháin in iúl fós don Chomhairle a cheapadh tráth is faide anonn.